



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2017*

Stampa an Ionaid

## Gaeilge Gnáthleibhéal

### Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain  
12 Meitheamh  
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50

### Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
<b>Cuid I: Cluastuiscint</b>	
<b>Na hIomlán</b>	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

# Cuid I: Cluastuiscent

(60 Marc)

## *Treoracha d'iarrrthóirí*

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

# Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra thíos faoi **dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cá mbeidh oifig ag an duine a cheapfar?	
Cén saghas Gaeilge atá riachtanach don phost seo?	
Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar?	
Cá bhfuil gach eolas faoin bpost seo le fáil?	

## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén áit i dTrá Lí a mbeidh an lá eolais seo ar siúl?

- 
- (b) Cén t-am a thosóidh na himeachtaí?
- 

2. (a) Cé a bheidh ag caint ar maidin?
- 

- (b) Cad is ceart a thabhairt leat?
-

# Cuid B

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

### An Chéad Mhír


1. Cén scrúdú a bhí ag Seán ar maidin?

- 
2. Cad atá ar an tábla do Sheán?
- 

### An Dara Mír

1. Cad air a gcaitheann Seán an iomarca ama, dar lena mháthair?

- 
2. Cé mhéad airgid a thabharfaidh a mháthair do Sheán?
- 



## COMHRÁ A DÓ

### An Chéad Mhír


1. Cén duine a raibh Áine ag fanacht leis sa Bhruiséil?

- 
2. Cén fáth nár mhaith le hOisín dul go dtí an Bhruiséil na laethanta seo?
- 

### An Dara Mír

1. Cár chuardaigh Oisín post samhraidh?

- 
2. Cad a bhí ar siúl sa chlub áitiúil?
- 



# Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteachta.


## PÍOSA A hAON

1. Cathain a bunaíodh an compántas drámaíochta, Fíbín?

---

2. Scríobh síos ceann **amháin** de na teicnící drámaíochta a úsáideann Fíbín ina gcuid léirithe.

---




## PÍOSA A DÓ

1. Cathain a d'éisigh Robbie Keane as a bheith ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann?

---

2. Cé mhéad bliain a chaith Robbie Keane ag imirt ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann?

---



# Cuid II: Ceapadóireacht

## (100 Marc)

---

### *Treoracha d'iarrrthóirí*

---

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (i) Rudaí a chuireann fearg orm.
- (ii) Comórtas a bhuaigh mé.
- (iii) Ócáid mhór spóirt.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar **thús** leis.

- (i) Mo bhreithlá a bhí ann. D'oscail mé an cárta ó mo thuismitheoirí. Léim mo chroí le háthas ...  
**nó**
- (ii) Bhí mé taobh amuigh d'oifig an Phríomhoide. Bhuail mé cnag ar an doras. "Tar isteach," a dúirt sé ...

## C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

- (i) Bhain timpiste duit agus tá tú as láthair ón scoil i ndiaidh na timpiste.

Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin timpiste a bhain duit **agus** ag cur síos ar an gcaoi a gcaitheann tú an t-am agus tú as láthair ón scoil.

**nó**

- (ii) Bhí tú ar laethanta saoire sa Spáinn ar feadh seachtaine. Tá tú ar ais sa bhaileanois.  
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin áit ina raibh tú ar saoire **agus** faoi na rudaí a rinne tú ann.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

- (i) Beidh cóisir ag do chara ina theach ag an deireadh seachtaine. Ba mhaith leat dul chuig an gcóisir. Níl do thuismitheoirí sásta cead a thabhairt duit dul chuig an gcóisir.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

**nó**

- (ii) Bhí tú féin agus cara leat ag caint faoi cheoltóir cáiliúil / amhránaí cáiliúil. Is maith leat an duine sin ach ní maith le do chara é / í. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin duine sin.

# Leathanach Bán